



Gaelscoil Mhic Amhlaigh

19994G

Tuairisc Féinmheastóireacht Scoile

Tréimhse Mhéastóireacht: Meán Fómhair 2013 – Meán Fómhair 2016

Dáta eisiúna na tuairisce: Bealtaine 2014

1. Réamhtra:

1.1 Fócas na Meastóirachta

Cuid d'obair leanúnach Gaelscoil Mhic Amhlaigh is ea féinmheastóireacht scoile i dtaca leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Ag tús na scoilbhliana 2012/2013 d'aithin an fhoireann go mba chóir dúinn tabhairt faoin nGaeilge mar chéad tosaíochta féinmheastóireachta mar gur Gaelscoil muid agus go raibh muid tar éis béim a chur ar fhéinmheastóireacht scoile Mata & Béarla le roinnt blianta roimhe sin, sular fógraíodh an Stráitéis Litearthacht & Uimhearthacht.

1.2 Comhthéasc na Scoile

- Is Gaelscoil dhá sruthach í seo atá suite i gCeantar imeallach Gaeltachta, (go tireolaíoch).
- Tá 472 páiste sa scoil (222 Buachaillí, 250 Cailín.)
- Tá 17 múinteoirí ranga, 5 múinteoirí tacaíochta, 1 CRS lánaimseartha & 1 CRS páirtaimseartha & Príomhoide riaracháin sa scoil.
- Tacaíonn tuismitheoirí go láidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.
- Níl an Ghaeilge mar theanga baile ach ag céatadán beag sa scoil.
- Leagtar an-bhéim ar an nGaeilge mar theanga scoile, mar theanga chlóis agus mar theanga chumarsáide leis na tuismitheoirí.
- Tá an tumoideachais i bhfeidhm mar pholasaí scoile seachas go dtosnaítear ar mhúineadh an Bhéarla sna Naíonáin Shóisearacha.
- Tugtar trialacha Droim Chonradh sa Ghaeilge & Bhéarla & Sigma-T sa Mhatamaitic.

2. Na Tátáil:

Déanadh tagairt do na fóinsí fianaise seo a leanas agus an tuairisc seo á réiteach.

- Léirmheasanna aonarach na múinteoirí ar a gcuid cleachtais sa litearthacht.
- Féin-mheasúnú iomlán na fóirne:
 - Cruinnithe fóirne

- Ceistneoirí
 - Cruinnithe athbhreithnithe múinteoirí TF/A
- Grúpa fócais
 - Obair na ngasúr – samplaí, cóipleabhair & taispeántaisí
 - Taifead reatha (léamh)
 - Ceistneoirí na ngasúr
 - Ceistneoir na dtuistí
 - Polasaithe scoile
 - Torthaí chaighdeánacha
- Thaispeáin na trialacha chaighdeánaithe **léitheoireacht Gaeilge** go bhfuil na páistí ar fad ag feidhmiú ag léibhéal níos fearr ná an noirm náisiúnta. Tá 62.9% de na páistí idir an 51ú – 98ú percentile. Tá 28.6% de na páistí ag 85 percentile nó os a chionn.
 - Thaispeáin na trialacha chaighdeánaithe san **Éisteacht** go bhfuil an chuid is mó de na páistí ag feidhmiú ag léibhéal níos fearr ná an noirm náisiúnta. Bhí 24.1% de na páistí ag léibhéal 85ú percentile nó níos mó le hais 16% go náisiúnta. Bhí 66% do pháistí na scoile sa bhanda 17ú – 84ú percentile i gcomparáid le 68% go náisiúnta. Tugadh faoi deara go raibh an méid páistí ag 98ú percentile níos ísle ná an noirm náisiúnta.

Ó Cheistneoir na bpáistí léirítear ann:

- Deireann 55% de na páistí gur maith leo an Léitheoireacht Ghaeilge, 41.4% Rg 1, 84% Rg 3 & 59% Rg 6.
- Deireann 70% de na páistí gur maith leo duine bheith ag léamh i nGaeilge dóibh.
- Taitníonn scéalta ó Séideán Sí le 72% de na páistí.
- Taispeánann an fhianaise go bhfuil formhór na bpáistí ag caitheamh am ag breathnú ar TG4 → 65% acu.
- Braitheann 86.5% de na páistí go gcabhraíonn sé leis an scríbhneoireacht Ghaeilge nuair a bhíonn réamh-obair déanta roimh ré.
- Thaitnígh an cóipleabhar saorscríbhneoireacht le 93.1% do pháistí Rg.1
- Ní labhraíonn céatadán ard páistí Gaeilge lena gcáirde sa chlós.

Ó Cheistneoir na dTuismitheoirí:

- Tá na tuismitheoirí an-shásta le dul chun cinn na Gaeilge sa scoil agus an-dearfach ó thaobh úsáid na gcártaí glasa.
- Tá 75% de na tuismitheoirí an-shásta faoin eolas a thugann an scoil dóibh ó thaobh dul chun cinn a bpáistí sa Ghaeilge.
- Bhí na tuismitheoirí an-mholtach ó thaobh na tacaíochtaí léitheoireachta a chuirtear ar fáil sa Bhéarla m.sh Léitheoireacht Comhpháirtíoch agus Literacy Lift Off.

- Bhí an obair bhaile Gaeilge structúrtha i ranganna áirithe molta go h-ard.
- Bhí moladh ann Leabhra Gaeilge Léitheoireachta bheith ar CD chun cabhrú le foghraíocht na dTuistí sa bhaile.
- Bhí moladh ann níos mó béim a chur ar rialacha gramadaí sa labhairt agus sa scríobh.

Ceistneoir na Múinteoirí:

- Tá 60% de na múinteoirí sásta le héifeacht múineadh na Gaeilge sa scoil go háirithe sna bunranganna.
- Dífreálú → Gá díriú ar pháistí ardchumasach agus an léitheoireacht a dhéanamh níos taitneamhaí do pháistí atá lag ag an léitheoireacht → léitheoireacht faoi threoir.
- Go mbeadh scil na léitheoireachta comhtháite agus nascaithe le scil na héisteachta, labhairt agus scríbhneoireachta.
- Tá laigí le feiceáil sa stór focail atá ag na páistí.
- Tuille béim le cur ar stráitéisí Tuisceana agus défhoghair – tá easpa stráitéisí á n-úsáid ag páistí.
- Tá gá le athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní Gaeilge, soláthar leabhair léitheoireachta bhreise suimiúla feiliúnach agus ábhair TFC (IT) sna ranganna.
- Féinmheastóireacht na bpáistí féin.

3. Dul chun cinn déanta ar spriocanna aitheanta sa Phlean Feabhais Scoile reatha. N/A do bhliain a haon.

4. Achoimhre ar thátáil na Féinmheastóireachta Scoile.

4.1 Tá Láidreachta ag an scoil sna hachair seo leanas:

4.1.1 Torthaí foghlaimeora

- Thaispeáin na trialacha chaighdeánaithe léitheoireacht Gaeilge go bhfuil na páistí ar fad ag feidhmiú ag leibhéal níos fearr ná an noirm náisiúnta. Tá 62.9% de na páistí idir an 51ú – 98ú percentile. Tá 28.6% de na páistí ag 85ú percentile nó os a chionn.

- Thaispeáin na trialacha chaighdeánaithe san Éisteacht go bhfuil an chuid is mó de na páistí ag feidhmiú ag léibhéal níos fearr ná an noirm náisiúnta.

4.1.2 Eispéiris foghlama na bpáistí:

- Tá dearcadh dearfach ag na paistí maidir leis an Ghaeilge.
- Ó cheistneoir na bpáistí, deireann 55% de na páistí gur maith leo an léitheoireacht Ghaeilge.
- Ó cheistneoir na bpáistí deireann 70% de na páistí gur maith leo duine bheith ag léamh as Gaeilge dóibh.
- Ó cheistneoir na bpáistí taitníonn scéalta ó Séideán Sí le 72% de na páistí.
- Tá formhór na bpáistí → 65% ag caitheamh am ag breathnú ar TG4.
- Ó cheistneoir na dTuismitheoirí, tá na tuismitheoirí an-shásta le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil agus an-dearfach ó thaobh usáid na gcártaí glasa.
- Ó cheistneoir na dTuismitheoirí, tá na tuismitheoirí an-dearfach ina dtacaíocht don Léitheoireacht Comhphairtíoch.

4.1.3 Cleachtas Múinteoirí:

- Ó cheistneoir na múinteoirí tá 60% de na múinteoirí sásta le héifeacht múineadh na Gaeilge sa scoil go háirithe sna bunranganna.
- Ó cheistneoir na dTuismitheoirí bhí an obair bhaile Gaeilge structurtha i ranganna áirithe molta go hard.

4.2 Tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí Feabhais:

4.2.1 Torthaí Foghlaimeora:

- Níos mó páistí a bheith ag labhairt Gaeilge go neamhspleách sa chlós i measc iad féin.
- Cur le stór focail na bpáistí.

4.2.2 Eispéiris Foghlama na bPáistí:

- Tuille béim le cur ar phróséis na scríbhneoireachta go leanúnach tríd na scoile.
- Tuille béim le cur ar Stráitéisi Tuisceana agus défhoghair – easpa stráitéisí a n-úsáid ag páistí.

- Scileanna litearthachta TFC le feabhsú.
- Soláthar leabhar léitheoireachta bhreise suimiúla le socrú sna ranganna.
- Stór focail na bpáistí a mhéadú.

4.2.3 Cleachtas Múinteoirí:

- Múinteoirí a bheith ag léamh i nGaeilge do pháistí i ngach rang.
- Réamhobair le déanamh mar thús don phróséis scríbhneoireachta.
- Béim níos mó le cur ar rialacha gramadaí sa labhairt agus sa scríobh.
- Dífreálú → díriú ar riachtanaisí pháistí ardchumasach, léitheoireacht níos taitneamhaí do pháistí laga → léitheoireacht faoi threoir.
- Múinteoirí ag múineadh scileanna tuisceana go sonrath.

4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialála seo a leanas:

- Gá le athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpolasaí rollaithe ag tógáil na rialacháin nua atá le theacht san áireamh.
- Gá le athbhreithniú ar ár bpolasaí Frithbhulaíochta ag tógáil san abhair rialacháin nua ciorclán 045/2013.